RIALACHÁN (AE) 2021/1771 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le duillí raidise

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch a bhfuil feidhm ag na huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí ("MRLanna") arna leagan síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir leo, liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin faoi réir fhorálacha an Rialacháin sin.

(2) Le Rialachán (AE) 2018/62 ón gCoimisiún ([2]), tugadh isteach, *inter alia*, an tráchtearra "duillí raidise" i gCuid B d'Iarscríbhinn I, agus rinneadh an tráchtearra sin a nascadh leis an tráchtearra "cáil" i gCuid A den Iarscríbhinn sin. Dá dhroim sin, tá feidhm ag na MRLanna le haghaidh cál maidir le duillí raidise freisin.

(3) Faoi mar a bhí an scéal tráth a glacadh Rialachán (AE) 2018/62, ní raibh sonraí ó thrialacha iarmhar ar fáil lena dheimhniú arbh iomchuí an t-aicmiú sin agus, mar sin, suíodh idirthréimhse le Rialachán (AE) 2018/1049 ón gCoimisiún ([3]). Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit sonraí den sórt sin a ghiniúint, tugadh isteach fonóta a bhaineann leis an tráchtearra "duillí raidise", fonóta lena ndíolmhaítear an tráchtearra sin ó chur i bhfeidhm an MRL le haghaidh "cál" go dtí an 31 Nollaig 2021.

(4) Ós rud é gur chuir na Ballstáit a ghineann sonraí den sórt sin an Coimisiún ar an eolas le déanaí go bhfuil moill ar ghiniúint na sonraí, ba cheart síneadh a chur leis an idirthréimhse lena mbaineann go ceann 3 bliana eile ionas gur féidir bailchríoch a chur ar na trialacha agus ar an measúnú orthu.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an fonóta lena mbaineann in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (3):

"(3) Beidh feidhm ag MRLanna maidir le duillí raidise amhail ón 1 Eanáir 2025".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/62 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2018 lena ndéantar ionadú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 18, 23.1.2018, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1049 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2018 lena ndéantar ionadú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 26.7.2018, lch. 9).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN